ESB NETWORKS




# Ceacht Leibhéil Shinsearaigh 4: Na Dainséir a bhaineann le Leictreachas - Ag Fanacht Slán

## Naisc Churaclaim

**OSCE › Fuinneamh agus Fórsaí › Maighnéadas agus Leictreachas**

**OSPS › Mé Féin › Sábháilteacht agus Cosaint**

## Cuspóirí

1. Bí ar an eolas agus faigh tuiscint ar na dainséir a bhaineann le leictreachas
2. Faigh tuiscint ar na téarmaí turraing leictreach agus leictreamharú
3. Aimsigh bealaí le bheith sábháilte timpeall leictreachais, chomh maith le suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte
4. Aimsigh an chaoi le fanacht sábháilte ina bhfuil leictreachas sa timpeallacht áitiúil

## Acmhainní

Pinn luaidhe, páipéar A4, fáisc-chlár le páipéar agus peann don obair i ngrúpaí. PDF de phóstaer leideanna sábháilteachta Fan Sábháilte, Fan Amach atá ar fáil ar líne ag **www.esbnetworks.ie/education.** Comharthaí dainséir leictreachais atá ar fáil ag **www.esbnetworks.ie/education**

## Réamhrá

- Iarr ar na daltaí na dainséir a bhaineann le leictreachas do dhaoine a aimsiú i.e. dónna, turraing leictreach agus leictreamharú. Iarr ar na daltaí súil siar a chaitheamh ar cheacht 3 maidir leis an gcaoi inar féidir le daoine gníomhú mar sheoltóirí leictreacha, ag ligean don sruth leictreach a shreabhadh trína gcoirp. Pléigh cad atá i gceist le 'turraing leictreach' agus 'leictreamharú'.
- Taispeáin an póstaer leideanna sábháilteachta Fan Sábháilte, Fan Amach do na daltaí agus téigh siar ar na sé leid a leagadh amach i gceacht 2.
- Ansin iarr ar na daltaí i bpéirí nó i ngrúpaí beaga, samplaí de shuíomhanna neamhshábháilte timpeall leictreachais a scríobh síos, agus nóta a dhéanamh den chontúirt a bhaineann le dónna, turraing leictreach nó leictreamharú. Mar shampla:

> **Turraing Leictreach** - Díreach ar nós na seoltóirí a ndearnadh fiosrú orthu i gceacht 3, nuair a théann leictreachas isteachi gcorp duine, bíonn siad mar chuid den chiorcad leictreach. Is é an sruth leictreach a shreabhann tríd an duine a thugann turraing leictreach.
>
> **Leictreamharú** - leictreamharú marfach.

  - *"Bhí mo chairde agus mé féin ag imirt peile agus d'imigh an liathróid thar an gclaí isteach chuig stáisiún leictreachais. Bhí ár liathróid ag teastáil uainn go géar." "Tá dainséar anseo go mbeidh turraing leictreach thromchúiseach nó leictreamharú ann."*
  - *"Bhí mé sa pháirc le mo chairde agus chonaiceamar sreang lasnairde a thit go talamh. Bhí a lán leanaí óga sa pháirc. Ní raibh a fhios againn cad ba chóir dúinn a dhéanamh." "Tá dainséar tromchúiseach anseo go mbeidh leictreamharú ann."*
- Iarr ar gach grúpa a sampla a léamh amach agus mar rang iarr orthu an t-iompar sábháilte cuí a aimsiú chun déileáil le gach suíomh e.g. *"Dúirt mé é le mo mháthair láithreach agus ghlaoigh sí uimhir Éigeandála Líonraí BSL."*

***Ná déan dearmad Fan Slán i gcónaí le leictreachas agus Fan Amach uaidh!**

# Ceacht Leibhéil Shinsearaigh 4: Na Dainséir a bhaineann le Leictreachas - Ag Fanacht Slán

## Forbairt

Taispeáin an comhartha dainséir leictreachais do na daltaí agus pléigh cad dó a seasann an comhartha. Ansin iarr ar na daltaí smaoineamh a dhéanamh ar an áit a dtiocfaidís ar chomharthaí leictreachais lasmuigh e.g. comharthaí dainséir leictreachais, pollaí leictreachais, sreanga lasnairde, mionphiléir, piolóin, stáisiúin leictreachais.

## Siúlóid Leictreachais

- Mínigh go bhfuil sibh ag dul ar ‘siúlóid leictreachais’ agus leag béim ar an tábhacht a bhaineann le fanacht sábháilte timpeall leictreachais.
- Iarr ar gach dalta/grúpaí beaga fáisc-chlár, páipéar agus peann a thabhairt leo. Téigh ar an siúlóid i do cheantar, agus iarr ar na daltaí comharthaí leictreachais a aimsiú.
- De réir mar a aimsítear comharthaí leictreachais éagsúla, iarr ar na daltaí smaoineamh a dhéanamh faoi roinnt de na sonraí seo a leanas agus nótaí a dhéanamh ar a bhfáisc-chláir.
    - Aimsigh an fheidhm a bhaineann leis an ngné leictreach e.g. mionphiléir – lonnaithe i mbailte agus i sráidbhailte le bheith in ann leictreachas a thabhairt isteach chuig foirgnimh.
    - Na hábhair a úsáidtear – ag tagairt do cheacht 3 ‘Seoltóirí ags inslitheoirí leictreacha’
    - Dainséir agus suíomhanna neamhshábháilte a d’fhéadfadh a bheith ann e.g. an dainséar a bhaineann le bheith i do shuí ar mhionphiléar
    - Conas a dhéantar sábháilteacht leictreach a mheas – suíomh, na hábhair a úsáidtear, comharthaí rabhaidh
    - Tarraing sceitse den ghné

## Ar ais sa seomra ranga

- Pléigh na rudaí a chonacthas agus na nótaí ón siúlóid.
- Iarr ar na daltaí mar rang liosta a dhéanamh de na háiteanna sa cheantar áitiúil inar gá Fan Sábháilte, Fan Amach a bheith curthai bhfeidhm áit a bhfuil leictreachas e.g. áiteanna ina bhfuil comharthaí dainséir leictreachais, fanacht amach as piolón áitiúil, nóta a dhéanamh den áit a bhfuil crainn gar do shreanga lasnairde. Déan é a phlé mar rang agus cruthaigh póstaer scoile, agus léarscáil á tarraingt den cheantar timpeall na scoile agus béim á leagan ar na háiteanna ar gá do dhaoine fanacht sábháilte áit a bhfuil leictreachas. Cuir liosta ar fáil freisin maidir le ‘Conas a fhanfaimid sábháilte áit a bhfuil leictreachas in (ainm an cheantair áitiúil)’.

## Clabhsúr

- Tabhair leathanach A4 do gach dalta, agus iarr orthu ceann amháin de na leideanna sábháilteachta Fan Sábháilte, Fan Amach a roghnú agus póstaer a chruthú leis an teachtaireacht a thabhairt do leanaí eile maidir leis an gcaoi le fanacht sábháilte timpeall leictreachais. Spreag iad chun teachtaireacht amháin shoiléir a thabhairt, ag baint úsáide as pictiú(i)r chun í a threisiú.
- Is féidir na póstaeir seo a chur isteach sa chomórtas Fan Sábháilte, Fan Amach i gcomhar le Líonraí BSL. Gheobhaidh na hiontrálaithe a bhuann duaiseanna dóibh féin agus dá scoil agus beidh siad i bhféilire a chuirfear chuig Bunscoileanna ar fud na tíre.

## Gníomhaíocht Bhreise

- Iarr ar na daltaí fiosrú a dhéanamh faoi roinnt bealaí éagsúla ina ndéantar leictreachas a tháirgeadh timpeall an domhain.
- Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gcomórtas agus le haghaidh níos mó acmhainní éagsúla maidir le leictreachas téigh chuig **www.esbnetworks.ie/education.**

***Ná déan dearmad dul chuig www.esbnetworks.ie/education le haghaidh níos mó acmhainní éagsúla maidir le leictreachas.**

ESB NETWORKS

# Ceacht Leibhéil Shinsearaigh 4: Na Dainséir a bhaineann le Leictreachas - Ag Fanacht Slán




## Fan Sábháilte, Fan Amach i gcomhar le Líonraí BSL – Leideanna

**Fan amach as áiteanna a bhfuil comhartha dainséir le feiceáil**

Tá an comhartha dainséir ansin mar rabhadh go bhfuil rud éigin díobhálach (a d'fhéadfadh tú a mharú) mura mbíonn tú cúramach. Feicfidh tú comharthaí dainséir, mar shampla, ar chuaillí leictreachais, piolóin, stáisiúin leictreachais agus mionphiléir (ar na cosáin).

**Ná téigh suas crainn gar do shreanga lasnairde riamh**

Fan amach as gach sreang lasnairde agus ná téigh suas crainn in aice leo. Fiú mura leagann tú do lámh ar na sreanga lasnairde,d'fhéadfadh an leictreachas "léim" tríd an aer agus tú a leictreamharú.

**Ná cuir eitleoga, héileacaptar ná dróin ag eitilt gar do shreanga lasnairde riamh**

Ná cuir eitleoga ag eitilt gar do shreanga lasnairde riamh – scaoil léi! Má ghreamaíonn sí, fág ansin í agus glaoigh ar Líonraí BSL ar 1850 372 999 nó ar na Gardaí. Má tá sreang na heitleoige ag crochadh síos ná leag do lámh uirthi, toisc gur féidir le leictreachas taisteal tríd an sreang.

**Ná bí ag iascaireacht gar do shreanga lasnairde riamh**

Nuair a bhíonn tú ag iascaireacht, fan amach as sreanga lasnairde. Má thagann slat iascaireachta i dteagmháil leis an sreang nó gar di, d'fhéadfadh leictreachas taisteal tríd an slat agus tú a ghortú nó tú a mharú. Bain do shlat as a céile i gcónaí agus tú ag bogadh ar aghaidh ó áit amháin go dtí áit eile.

**Ná téigh gar do shreang atá tar éis titim, abair le duine fásta é**

Ná leag do lámh ar shreanga atá tar éis titim ná ná téigh gar dóibh riamh. Abair le duine fásta é agus glaoigh ar Líonraí BSL ar 1850 372 999.

**Ná téigh suas piolón riamh**

Tá sé an-dainséarach dul suas ar phiolóin. Fiú mura leagann tú lámh ar na sreanga lasnairde, d'fhéadfadh an leictreachas "léim" tríd an aer agus tú a leictreamharú.

*Ná déan dearmad dul chuig www.esbnetworks.ie/education le haghaidh níos mó acmhainní éagsúla maidir le leictreachas.